

# IS POST É GUR FIÚ A DHÉANAMH

Athróidh dul isteach sa Gharda Síochána do shaol, agus saolta daoine eile. Ón nóiméad a rachaidh tú isteach, beidh meascán de dhúsláin, luach saothair, scileanna nua agus cairde nua. Mar gheall ar do thionchar pearsanta ar dhaoine agus ar an bpobal, mothóidh tú go bhfuil rud éigin fiúntach déanta agat nach bhfuil cosúil le rud ar bith eile.

**IS POST DEACAIR É A BHEITH I DO GHARDA. ACH IS POST É GUR FIÚ A DHÉANAMH.**

## AN FÁTH GUR POST É GUR FIÚ A DHÉANAMH.

Obair oilte éagsúil le héilimh uathúla ina ndéanfaidh tú difríocht mhór.

Gairm bheatha spreagúil agus tairbheach ag caomhnú dlí agus ord agus ag freastal ar mhuintir na hÉireann.

Freastal ar phobail agus oibriú chun saol daoine a fheabhsú, go háirithe daoine leochaileacha agus imeallaithe.

Gairm bheatha thairbheach le go leor deiseanna chun scilbhisiú agus éagsúlú i raon leathan réimsí.



Agus tú ag obair mar chuid de sheirbhís phóilíneachta nua-aimseartha oibreoidh tú chun coireacht a chosc, coireacht a réiteach agus eagla roimh choireacht a laghdú.

Agus tú ag obair i gcomhpháirtíocht le pobail, cothóidh tú muinín agus tabharfaidh tú athrú dearfach fónta dod'cheantar.

Agus tú ag feidhmiú ar an líne thosaigh tacóidh tú le híospartaigh agus finnéithe, ag tabhairt cúnaimh dóibh agus á gcur ar a suaimhneas.



Mar mhalairt ar do thiomantas gheobhaidh tú **SCOTH NA HOILIÚNA AGUS NA TACAÍOCHTA THAR GHAIRM BHEATHA AR FEADH AN TSAOIL.**

Tá an Garda Síochána tiomanta do sheirbhís phóilíneachta a chruthú a dhéanann ionadaíocht iomlán do gach pobal éagsúil in Éirinn.

**SPREAGAIMID GO GNÍOMHACH IARRATAIS Ó GACH IARRTHÓIR INCHÁILITHE IDIR 18-50 BLIAIN D'AOIS**

Chun níos mó eolais agus sonraí a fháil maidir le cáilíochtaí agus an critéir roghnúcháin, scan an cód mf led do thoil: